Ionstraim Reachtúil No. 351 of 2017

ORDÚ

dar teideal

An tOrdú Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2017

Le déanamh ag an Rialtas

Ar iarraidh ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le halt 2(1) den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977 (Uimh. 28 de 1977), ordaíonn an Rialtas, leis seo, mar a leanas:

1. An tOrdú Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2017, is teideal don Ordú seo.

2. Déantar cumhachtaí (seachas an chumhacht chun cion a ionchúiseamh) agus dualgais an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thugtar dó leis na hachtacháin nó faoi na hachtacháin a shonraítear sa Sceideal a tharmligean chun Daithí Standúin, Aire Stáit ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

AN SCEIDEAL

Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005

Na hAchtanna um Gheall-Chur, 1931 go 2015

An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001 (Uimh. 19 de 2001)

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2015 (seachas ailt 27(2) agus 37(4) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Uimh. 21 de 1998))

Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2015

Achtanna na nArm Tine, 1925 go 2009

Cuid III d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990 (Uimh. 12 de 1990)

Na hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 go 2013

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Uimh. 25 de 2014)

Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004

Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006

An tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016 (Uimh. 11 de 2016)

ARNA THABHAIRT faoi Shéala Oifigiúil

an Rialtais,

____ _____ 2017.

_____